C/2024/7443

16.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7443)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Badacsony / Badacsonyi'

PDO-HU-A1506-AM02

Dáta na teachtaireachta: 27.9.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Soiléiriú ar an tuairisc orgánaileipteach ar fhíon geal ag a bhfuil tásc fíonghoirt**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal II. Tuairisc ar na fíonta (pointe 4 den doiciméad aonair)

Téacs atá le cur le fíon geal a bhfuil tásc fíonghoirt aige: 'Tá carachtar mianrach an *terroir* ann sa dea-bholadh agus sa bhlas.' Ní mór an tuairisc sin a shoiléiriú trí aird a tharraingt ar charachtar an limistéir táirgeachta, ós rud é, faoi láthair, gurb iad na fíonta ar a bhfuil ainm fíonghoirt, agus na fíonta sin amháin, a luann limistéar táirgeachta an '*terroir*'.

2. **Leasú ar an bhforáil a bhaineann leis an tréimhse aosaithe le haghaidh fíonta**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (doiciméad aonair, pointe 5.1.2)

Ba iad forbairtí teicneolaíochta agus athruithe ar stíleanna margaidh ba chúis le modh agus le ham aosaithe na dtáirgí éagsúla. Tá an líon táirgeoirí a úsáideann aosú i mbairillí le haghaidh buaint dhéanach ag dul i laghad arís agus arís eile, agus is fearr leo an stíl níos úire agus níos torthaíche atá forleathan ar an margadh idirnáisiúnta. Braithimid freisin, de réir na taithí atá faighte, gur leor an tréimhse aosaithe 6 mhí: tá sí fada go leor chun go bhforbróidh na fíonta, gan costais iomarcacha a chur ar tháirgeoirí.

3. **Dáta na buainte a scriosadh**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (ní dhéanann sé seo difear don doiciméad aonair)

Mar gheall ar mhinicíocht mhéadaitheach éifeachtaí foircneacha bhliain ar leith an fhíona, bíonn sé níos deacra fós buaint aonfhoirmeach a dhéanamh ar fud an réigiúin fíona. Smaoiníonn táirgeoirí i dtéarmaí suíomhanna agus stíleanna éagsúla agus, mar sin, bíonn siad níos eolaí ar a limistéir agus ar a gcineálacha féin, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca dóibh cinneadh a dhéanamh i dtaobh cathain buaint a dhéanamh de réir na stíle fíona a bhfuil sé mar aidhm acu é a tháirgeadh, i gcomhréir leis na sonraíochtaí.

4. **Toirmeasc ar mhilsiú fíonta geala a bhfuil tásc fíonghoirt acu**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal III. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha (doiciméad aonair, pointe 5.1.2)

Is é atá sa chatagóir táirgí a shainaithnítear de réir tásc fíonghoirt raon táirgí ardcháilíochta Badacsony, agus sin an fáth go n-áitímid gurb é an t-aon mhilseacht amháin is cheart a bheith ann an méid atá fágtha den mhéid siúcra nádúrtha tar éis coipthe. Dá gcuirfí úrfhíon tiubhaithe isteach, d'athrófaí blas na milseachta nádúrtha go suntasach, rud a laghdódh a luach taitneamhachta.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. **Cineálacha ar féidir iad a úsáid le haghaidh cineálacha fíona a mhodhnú: cineál Zervin a áireamh i liosta na gcineálacha fíonchaor údaraithe**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VI. Cineálacha fíonchaor ceadaithe (pointe 7 den doiciméad aonair)

D'iarr táirgeoirí Pinot Noir a áireamh sa chatagóir fíona a dhéantar as fíonchaora rísínithe. Mar thoradh ar bhlianta taithí, tá sé léirithe go dtáirgeann an cineál seo 22 go 24 chéim úrfhíona i bhfíonghoirt a bhfuil nochtadh maith acu chomh luath le deireadh mhí Lúnasa. Tá an táirge ar fáil ar an margadh tráchtála agus an t-ainm neamhghnách *töpszli* air.

D'iarr táirgeoirí Ottonel Muskotály a áireamh sa chatagóir 'buaint dhéanach'. Comhlíonann sé ceanglais na catagóire táirgí i bhfíonghoirt iontacha Badacsony, ar ina leith a dhéantar buaint i lár mhí Dheireadh Fómhair go deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus a dhéantar cosaint iomchuí plandaí. Is é an toradh atá ann fíon a bhfuil blas eisceachtúil air. Is maith le tomhaltóirí go mór é, agus tá éileamh acu air, agus is féidir é a dhíol ar phraghas atá níos airde go suntasach sa chatagóir táirgí seo.

Is cineál nua ar fad é Zervin, a iomadaíodh ag Institiúid Taighde Fíonsaothraithe agus Saothraithe Fíonchaor Badacsony agus tá sé curtha san áireamh sa liosta cineálacha, go príomha arna iarraidh sin ag an Institiúid. Tá údar lena chur isteach go háirithe trí na catagóirí fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha a ghlacadh, ós rud é go moltar Zervin, thar aon ní eile, mar bhunfhíon le haghaidh fíon súilíneach. Tugadh Badacsony 15 ar an gcineál seo roimhe seo, agus táirgeann roinnt saothraithe sa réigiún é agus, faoi láthair, úsáidtear é le haghaidh beangaithe. Go dtí seo, ní fhéadfaí na fíonta a mhargú ach amháin sa chatagóir 'gan tásc geografach', rud a raibh tionchar dochrach suntasach aige ar tháirgeoirí. D'iarr táirgeoirí go gcuirfí cineál Zervin san áireamh sa tsonraíocht táirge ionas gur féidir na fíonta a mhargú agus tásc iomchuí ar a stádas a bheith ann. Táimid ag iarraidh go n-áireofaí fíon, oighearfhíon agus fíon ó fhíonchaora rísínithe a bhuaintear go déanach.

6. **Rialacha lena rialaítear úsáid téarmaí áirithe i gcás fíonta a bhfuil tásc fíonghoirt acu**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

I gcás cineálacha fíona a bhfuil tásc fíonghoirt acu, féadfaidh an tásc 'hegyi' [fíonghort (...)] nó 'hegyen termett' [a fhástar ar fhíonghort (...)] a bheith ann roimh ainm an fhíonghoirt.

Soiléiríodh na rialacha lipéadaithe chun ainm an réigiúin fíonsaothrúcháin agus na táirgí ar a bhfuil ainm an fhíonghoirt a shonrú, ós rud é, i gcás Badacsony, go bhféadfadh mearbhall a bheith ar an ngnáth-thomhaltóir i dtaobh an bhfuil tagairt á déanamh don réigiún fíona nó don fhíonghort. Ba mhaith linn a chur in iúl go soiléir do thomhaltóirí go bhfuil fíon ardcháilíochta i mbuidéal ar a bhfuil an téarma 'fíonghort'.

7. **Tásc madir le reachtaíocht ábhartha a chur leis an tsonraíocht maidir le húsáid an téarma shrianta 'muskotály' [Muscat]**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

Bhí an fhéidearthacht ann cheana féin chun an téarma comhchoiteann 'muskotály' [Muscat] a úsáid sa tsonraíocht táirge, ach níor thuig táirgeoirí cé na cineálacha a d'fhéadfaidís a úsáid agus cén bunús a bhí leis an úsáid sin, agus sin an fáth go bhfuil an tagairt don reachtaíocht curtha san áireamh againn.

8. **An téarma 'Ó' ['sean'] i gcomhair fíon dearg a chur le liosta na dtéarmaí a fhéadfar a léiriú**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

Is catagóir thábhachtach é an téarma 'Ó' le haghaidh cuid mhór táirgeoirí ar téarma é nach bhfuil údaraithe sa tsonraíocht táirge go dtí seo. Tá sé tábhachtach gur féidir an oiread táirgí agus is féidir ó gach táirgeoir, ar táirgí iad ar a bhfuil an t-ainm 'Badacsony', a chur ar an margadh. Is maith le tomhaltóirí na táirgí sin go mór agus tá éileamh acu orthu.

9. **Aitheantas tionscnaimh 100 % le haghaidh aonaid gheografacha is lú á léiriú**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

Soiléiríodh na rialacha lipéadaithe chun ainm an réigiúin fíonsaothrúcháin agus na táirgí ar a bhfuil ainm an fhíonghoirt a shonrú, ós rud é, i gcás Badacsony, go bhféadfadh mearbhall a bheith ar an ngnáth-thomhaltóir i dtaobh an bhfuil tagairt á déanamh don réigiún fíona nó don fhíonghort. Ba mhaith linn a chur in iúl go soiléir do thomhaltóirí go bhfuil fíon ardcháilíochta i mbuidéal ar a bhfuil an téarma 'fíonghort'. Dá réir sin, is dóigh linn go mbeadh sé níos fearr dá dtiocfadh 100 % den fhíon ón aonad geografach is lú iarmhír.

10. **Soiléiriú ar na tásca srianta a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil ar fhíon geal lena ngabhann tásc fíonghoirt**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (pointe 9 den doiciméad aonair)

Ba ghá na tásca srianta a fhéadfaidh a bheith le feiceáil ar fhíon geal lena ngabhann tásc fíonghoirt a chúngú sna rialacha maidir le tásca.

11. **Ainm an choiste um measúnú orgánaileipteach a leasú**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (ní dhéanann sé seo difear don doiciméad aonair)

Tagann réigiún fíona Badacsony faoi dhlínse Choiste Meastóireachta Réigiún Fíona Balaton freisin; is é Balaton an áit ina ndéantar na táirgí atá le margú a bhlaiseadh. Dá bhrí sin, soiléiríodh an t-ainm.

12. **Ábhar a chur leis na ceanglais maidir le fógra a thabhairt á rá go bhfuil sé beartaithe táirge lena ngabhann tásc fíonghoirt a tháirgeadh**

Ceannteidil sonraíochta táirge (agus doiciméid aonair) a ndéantar difear dóibh:

Ceannteideal VIII. Coinníollacha breise (ní dhéanann sé seo difear don doiciméad aonair)

Ba mhaith linn an maorlathas a shimpliú maidir le fógra a thabhairt ar fógra é a bhfuil an chosúlacht air go bhfuil sé iomarcach do tháirgeoirí agus do ghiúistísí pobail fíona i gcás fíonta lena ngabhann tásc fíonghoirt.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Badacsony / Badacsonyi

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath buí éadrom ar fhíonta geala Badacsony den chuid is mó. Is iondúil go mbíonn blasanna reseda agus mianracha ar a ndea-bholadh ar blasanna iad a fhorlíontar le blasanna bláthanna bána (bláthanna troim, líológ, acáise, bláth teile). Tá aigéid dhea-chothromaithe ann mar chnámh droma na bhfíonta geala. Déantar a n-aigéadacht a fheabhsú le blas leathmhilis a thagann ó chion ard gliocróil, agus é comhlánaithe le blasanna beagáinín goirt atá inchurtha i leith na buncharraige basailt agus le blas searbh atá tipiciúil i gcás na gcineálacha fíonchaor áitiúla.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna léiriú mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Saintréith d'fhíonta rosé dearga éadroma Badacsony is ea déine mheánach agus cumhráin thorthaíocha na gcaor dearg (fraochán gorm, sméar dhubh, sú craobh). Comhcheanglaíonn blas na bhfíonta rosé Badacsony torthaíocht le húire na n-aigéad dea-chothromaithe.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *fíon dearg*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Saintréith d'fhíon dearg Badacsony is ea imreacha ar dhath an rúibín, mar aon le ton dúdhearg a bheith le feiceáil ar éigean. Féadfaidh dea-bholadh torthaíoch caor dearg (sméar dubh, sú craobh) agus blasanna ainmhíocha ina bhfuil déine éadrom a bheith ag gabháil leis na cumhráin spíosracha cheannasacha (capsicum, piobar glas, ilspíosra). Saintréith d'fhíonta dearga is ea aigéid dhea-chothromaithe, cion tainnine meánach, blas torthaíoch (silín searbh, sú craobh) agus tathag iomlán.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Fíon geal lena ngabhann tásc fíonghoirt*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is é gealra buí órga an príomhdhath atá ar fhíonta geala lena ngabhann tásc fíonghoirt Badacsony. Maidir leis an mboladh, comhlánaítear na blasanna citris agus reseda le blasanna torthaí ró-aibí agus triomaithe mar aon le dea-bholaithe rósta sainiúla a bhíonn ann mar thoradh ar aosú. Tá carachtar mianrach an *terroir* ann sa dea-bholadh agus sa bhlas. Tá carachtar an bhlais bríomhar. Éiríonn a gcastacht as aigéid atá dea-chothromaithe agus as comhchuibheas tathaig iomláin ag a bhfuil blas torthaí triomaithe, agus bíonn iarbhlas beagáinín goirt orthu mar aon le blasanna searbha.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíon a bhuaintear go déanach*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath buí órga den chuid is mó ar fhíonta Badacsony ó fhionchaora de chineál atá buainte go déanach. Bíonn dea-bholaithe torthaí triomaithe chun tosaigh ar an mboladh agus féadfaidh blasanna a bheith acu atá tipiciúil den chineál fíonchaor agus den aosú fada. Is fíonta tathagacha iad seo ar saintréith dá gcuid aigéid dhea-chothromaithe agus iarbhlas goirt.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *Oighearfhíon*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath buí órga den chuid is mó ar oighearfhíonta Badacsony agus bíonn boladh torthaí triomaithe orthu. Is iad na saintréithe a bhaineann lena mblas aigéid dhea-chothromaithe, méid ard siúcra agus iarbhlas goirt.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. *Fíon a dhéantar as fíonchaora rísínithe*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn dath buí órga den chuid is mó ar fhíonta Badacsony a dhéantar as fíonchaora rísínithe. Is iad na dea-bholaithe de chuid torthaí seargtha agus triomaithe is mó a bhíonn ar a gcumhrán agus féadfaidh blasanna a thagann ó aosú fada (e.g. cnónna coill, gallchnó) a bheith ag gabháil leo. Eiríonn a gcastacht as aigéid dhea-chothromaithe agus as comhchuibheas tathaig iomláin lena ngabhann blas torthaí triomaithe, arna chomhlánú le hiarbhlas beagáinín goirt atá inchurtha i leith na buncharraige basailt.

* Tá na paraiméadair anailíseacha atá in easnamh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10.6

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha:**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Treorú fíniúnacha (1)

Cleachtas saothraithe

Modh saothraithe agus dlús plandaithe: I gcás fíonghoirt a plandaíodh roimh an 1 Lúnasa 2010, féadfar fíon Badacsony a tháirgeadh ó fhíonchaora a bhuaintear ó fhíonghoirt ag a bhfuil aon dlús plandaithe agus aon mhodh saothraithe a údaraíodh níos luaithe ná sin, fad a leantar den táirgeadh san fhíonghort.

2. Treorú fíniúnacha (2)

Cleachtas saothraithe

Rialacha a bhaineann le plandálacha nua: I gcás fíonghoirt a phlandaítear tar éis an 1 Lúnasa 2010, tá feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

a) modhanna saothraithe:

   i) scáth

   ii) tródam íseal

   iii) tródam meán-ard

   (iv) Guyot

   v) cuachphrúnáil

(b) dlús plandaithe: An líon fíniúnacha a phlandaítear: íosmhéid 4 000 fíniúin/ha nó, i gcás fíonghoirt a phlandaítear ar thalamh ag a bhfuil fána níos mó ná 10 %, íosmhéid 3 300 fíniúin/ha.

3. Méid íosta siúcra na bhfíonchaor agus an modh buainte

Cleachtas saothraithe

— Geal: 10,6 % de réir toirte: Olasz rizling, Ottonel muskotály, Irsai Olivér, Cserszegi fűszeres, Nektár, Budai, Vulcanus, Pinot Blanc, Kéknyelű, Hárslevelű, Rózsakő, Zenit, Tramini, Furmint, Rajnai rizling, Zeus. 11,34 % de réir toirte: Szürkebarát, Sárga muskotály. Buaint de láimh nó buaint mheicniúil

— Rosé: 10,6 % de réir toirte: Pinot Noir. 11,34 % de réir toirte: Kékfrankos, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc. Buaint de láimh nó mheicniúil

— Dearg: 10,6 % de réir toirte: Pinot Noir. 11,34 % de réir toirte: Kékfrankos, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc. Modh buainte: buaint de láimh nó buaint mheicniúil

— Fíon geal lena ngabhann tásc fíonghoirt, fíon a bhuaintear go déanach, fíon a dhéantar as fíonchaora rísínithe: 12,83 % de réir toirte. Buaint de láimh.

— Oighearfhíon: 18,95 % de réir toirte. Buaint de láimh.

4. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Úsáid éigeantach baiscphreasa.

Ina theannta sin:

— Éilítear tréimhse íosta aosaithe 6 mhí ar a laghad le haghaidh fíon geal ag a bhfuil tásc fíonghoirt, lena n-áirítear 3 mhí ar a laghad den tréimhse aosaithe sin do tharlú i mbairillí adhmaid. Toirmisctear milsiú.

— Maidir le fíonta a bhuaintear go déanach, tá aosú feadh 6 mhí ar a laghad éigeantach agus tá toirmeasc ar mhilsiú go leibhéal os cionn 2 % de réir toirte.

— Ní mór oighearfhíon a bhuaint de láimh agus é reoite, ag uasteocht – 7 °C, agus 6 mhí d'aosú ar a laghad a dhéanamh ina dhiaidh sin, agus ní mór 3 mhí ar a laghad den aosú sin a dhéanamh i mbairillí adhmaid. Toirmisctear milsiú.

— I gcás fíonta a dhéantar as fíonchaora rísínithe, tá aosú ar feadh 6 mhí ar a laghad éigeantach agus tá toirmeasc ar mhilsiú go leibhéal os cionn 2 % de réir toirte.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Geal, Rosé, Dearg

100 hl/ha

2. Fíon geal lena ngabhann tásc fíonghoirt

60 hl/ha

3. Fíon a bhuaintear go déanach, Oighearfhíon, Fíon a dhéantar as fíonchaora rísínithe

50 hl/ha

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Limistéir na mbardas seo a leanas a aicmítear mar Aicme I nó Aicme II de réir chadastar an fhíonghoirt: Ábrahámhegy, Badacsonytomaj, Badacsonytördemic, Balatonrendes, Balatonszepezd, Gyulakeszi, Hegymagas, Káptalantóti, Kisapáti, Kővágóörs, Nemesgulács, Raposka, Révfülöp, Salföld, Szigliget, Tapolca.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

budai - zöldfehér

cabernet franc – kaberne fran

cabernet sauvignon

cserszegi fűszeres

furmint - furmint bianco

hárslevelű – garszleveljü

irsai olivér – zolotisztüj rannüj

kékfrankos – moravka

kéknyelű – blaustängler

nektár

olasz rizling – olaszriesling

ottonel muskotály – miszket otonel

pinot noir – spätburgunder

rajnai rizling – rheinriesling

rózsakő

szürkebarát – graumönch

sárga muskotály – weisser

tramini – gewürztraminer

vulcanus

zefír

zenit

zervin

zeus

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar an limistéar críochaithe*

a) Tosca nádúrtha:

Síneann réigiún fíona Badacsony ó Balatonszepezd go Szigliget i gcontae Veszprém ar bhruach thuaidh Loch Balaton.

Tá fíonghoirt an réigiúin fíona suite ar fhánaí na gcnoc ar bhruach Loch Balaton (Badacsony, Csobánc, Szent György-hegy, Ábrahámhegy, Őrsi-hegy agus cnoic Szigliget), ar monadnaic iad a bhfuil cruth uathúil orthu in Abhantrach Tapolca. Soláthraíonn na cnoic an ghné choiteann i gcomhdhéanamh ithreach an réigiúin fíona. Is é basalt an bhuncharraig cheannasach sa réigiún fíona, ar a sil-leagadh sraitheanna de dhríodair mhínghráinneacha ón Muir Pannon, a aicmítear mar ghaineamh agus cré, thar na mílte bliain. Ba é sin bunús fhoirmiú ithreacha donna foraoise fhíonghoirt Badacsony.

Tá na fíonghoirt sa réigiún fíona teorannaithe le cnoic Bakony ó thuaidh agus le Loch Balaton, an loch is mó i Lár na hEorpa, ó dheas. Tugann an dá ghné gheografacha sin carachtar fo-Mheánmhara d'aeráid an réigiúin fíona, ar aeráid ilchríochach í thairis sin, rud a fhágann go bhfuil an aeráid áitiúil níos cothroime ná an aeráid ilchríochach atá i réim sa tír, ionas nach saintréith den réigiún iad dálaí aimsire foircneacha. Is é 640 milliméadar an mheánfhrasaíocht, is é 11,2 °C an mheánteocht bhliantúil, agus is é 1 934 uair an chloig an meánlíon uaireanta an chloig de sholas na gréine. Ar bhonn na meánfhigiúirí le cuid mhór blianta anuas, ní théann an mheánteocht mhíosúil thar 25 céim fiú sna míonna is teo, ar toradh é sin ar na héifeachtaí atá ag Loch Balaton agus ag na cnoic ó thuaidh ar an aeráid.

b) Gnéithe daonna:

Tá na teicnící saothraithe fíniúnacha agus na cleachtais fíonóireachta a forbraíodh thar na céadta bliain sa limistéar geografach críochaithe fite fuaite le saineolas na ndaoine atá ina gcónaí ann agus ag obair ann. Tá an traidisiún agus an t-eolas a bhaineann le rialáil táirgeachta, le tráth na buainte, le cinneadh a dhéanamh maidir le haibíocht cheart na bhfíonchaor agus le haosú na bhfíonta bunaithe ar stair fhada freisin.

Tar éis eipidéim phylloxera, rinneadh cineálacha nua a bhí in ann na hairíonna ithreach áitiúla a léiriú go hanmhaith, amhail Olasz rizling agus Szürkebarát, a thabhairt isteach freisin, agus tá a n-ainmneacha nasctha go dlúth le Badacsony anois.

Mar thoradh ar chlaochlú cáilíochtúil athbheochan réigiún fíona Badacsony tar éis an athraithe ar an réimeas san Ungáir, athbhunaíodh dhá chineál dhúchasacha a bhí clúiteach tráth, ach a bhí ligthe i ndearmad go hiomlán nach mór: Kéknyelű agus Budai. Le táirgeadh fíonchaor dearg, bhí déantóirí fíona in ann a thaispeáint arís eile conas is féidir leis an limistéar táirgeachta carachtar uathúil a thabhairt d'fhíon dearg. Ceadaíodh fíniúnacha ísealfháis nuair a rinneadh athnuachan fíniúnacha, agus laghdaíodh táirgeachtaí go suntasach (uasmhéid 100 hl/ha).

Léirítear rath an athraithe sin trí fhíonta geala a thabhairt isteach le tásc fhíonghort Badacsony, ar catagóir é sin le haghaidh fíonta ardcháilíochta geala tirime agus fíonta milseoige a dhéantar as cineálacha traidisiúnta fíonchaor trí úsáid a bhaint as ualach bachlóg íseal (uasmhéid 80 hl/ha). Murab ionann agus fíonta geala eile, ní féidir na fíonta sin a bhuidéalú ach amháin tar éis iad a aosú ar feadh 9 mí.

8.2. *Fíon*

Tá na teicnící saothraithe fíniúnacha agus na cleachtais fíonóireachta a forbraíodh thar na céadta bliain sa limistéar geografach críochaithe ar siúl anseo in éineacht le saineolas na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair ann a bheith á úsáid. Tá an traidisiún agus an t-eolas a bhaineann le rialáil táirgeachta, le tráth na buainte, le cinneadh a dhéanamh maidir le haibíocht cheart na bhfíonchaor agus le haosú na bhfíonta bunaithe ar stair fhada freisin.

Tar éis eipidéim na míolta fíniúna, rinneadh cineálacha nua a bhí in ann na hairíonna ithreach áitiúla a léiriú go hanmhaith, amhail Olasz rizling agus Szürkebarát a thabhairt isteach freisin, agus tá a n-ainmneacha nasctha go dlúth le Badacsony anois.

Mar thoradh ar chlaochlú cáilíochtúil athbheochan réigiún fíona Badacsony tar éis an athraithe ar an réimeas san Ungáir, athbhunaíodh dhá chineál dhúchasacha a bhí clúiteach tráth, ach a bhí ligthe i ndearmad go hiomlán nach mór: Kéknyelű agus Budai. Agus fíonchaora fíona dheirg a bheith á dtáirgeadh, d'fhéadfadh déantóirí fíona a thaispeáint arís eile conas is féidir leis an limistéar táirgeachta carachtar uathúil a thabhairt d'fhíon dearg. Ceadaíodh fíniúnacha ísealfháis nuair a rinneadh athnuachan fíniúnacha, agus laghdaíodh táirgeachtaí go suntasach (uasmhéid 100 hl/ha).

Léirítear rath an athraithe sin trí fhíonta geala a thabhairt isteach le tásc fhíonghort Badacsony, ar catagóir é sin le haghaidh fíonta ardcháilíochta geala tirime agus fíonta milseoige a dhéantar as cineálacha traidisiúnta fíonchaor trí úsáid a bhaint as ualach bachlóg íseal (uasmhéid 80 hl/ha). Murab ionann agus fíonta geala eile, ní féidir na fíonta sin a bhuidéalú ach amháin tar éis iad a aosú ar feadh 6 mhí.

Tuairisc ar na fíonta:

Tá bonn aigéadach dea-chothromaithe ag fíonta Badacsony – lena n-áirítear fíonta geala, fíonta dearga agus fíonta rosé. Déantar an blas leathmhilis atá ann mar thoradh ar an gcion ard gliocróil a chomhlánú le carachtar bríomhar atá inchurtha i leith ghaireacht Loch Balaton, le blasanna beagáinín goirt atá ann mar thoradh ar an mbuncharraig basailt, agus le blas searbh atá tipiciúil i gcás na gcineálacha fíonchaor áitiúla.

D'ainneoin a struchtúir chasta aramataigh, is saintréith d'fhíonta Badacsony é cumhrán meándéine. I bhfíonta geala ag a bhfuil tásc fíonghoirt, comhlánaítear na príomhbholaithe torthaí agus bláthanna atá tipiciúil i gcás fhíonta Badacsony le blasanna tánaisteacha agus treasacha atá inchurtha i leith aosú. I gcás fíonta a bhuaintear go déanach, ceadaíonn an próiseas aosaithe do bhlasanna tánaisteacha nó treasacha a fhorbairt taobh le blasanna torthaí triomaithe. Saintréith d'oighearfhíon is ea dath domhain, blasanna torthaí triomaithe agus méid ard siúcra, agus tá blasanna aibí suntasacha gallchnónna, mar shampla, chomh maith le torthaí triomaithe, ag fíonta a dhéantar as fíonchaora rísínithe.

Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh:

Mar thoradh ar an éifeacht chothromaithe teochta atá ag dobharlach Loch Balaton, stóráil teasa bhreise chaipíní basailt na monadnac agus sholas na gréine a fhrithchaitear ar ais chuig na cnoic ón uisce, tá cuid de radaíocht is déine na tíre ann.

Cuireann éifeacht fho-Mheánmhara an locha ar an aeráid ilchríochach atá i réim san Ungáir go mór le forbairt fhíonchaora Badacsony. Déanann solas na gréine a fhrithchaitear siar ón loch éadomhain na fánaí a théamh go cothrom san earrach, rud a áirithíonn dálaí gan athrú ar feadh na tréimhse atá ag teacht chun cinn. Cuireann sé sin cosc ar bachlú mall. Gan sioc an earraigh, is féidir le péacáin nua fás go seasta agus is féidir le fíniúnacha dromchla duilliúir a fhorbairt atá mór go leor le haghaidh fótaisintéise, ionas gur féidir le fíonchaora aibiú faoi dhálaí idéalacha gach bliain.

Ráthaíonn caipíní basailt chnoic na bhfíniúnacha agus gaireacht Loch Balaton leibhéil siúcra thar a bheith ard san úrfhíon agus tathag iomlán, carachtar bríomhar agus saibhreas blasanna agus dea-bholaithe sna fíonta, fiú amháin i mblianta an fhíona is lú a bhfuil gealladh fúthu.

Tá ról bunúsach ag éifeacht an basailt is saintréith de chuid na n-ithreacha freisin maidir le cáilíocht an fhíona a mhúnlú. Is carraig bholcánach é basalt ag a bhfuil carachtar bunúsach agus, mar sin déantar mionbhruar de go héasca. Cuidíonn an potaisiam, an maignéisiam, an cailciam agus go háirithe na micrea-eilimintí a scaoiltear le cáilíocht fíona shonrach a tháirgeadh. Is gnách go mbíonn carachtar mianrach ag fíonta de thionscnamh fíonghort a bhfuil ithreacha den sórt sin acu, agus bíonn blas goirt ar an tiúchan ard mianraí, agus is gné uathúil é sin d'fhíonta Badacsony é sin. Mar thoradh ar an bhfo-ithir ghainmheach chréúil, tá aigéid fhíonta Badacsony dea-chothromaithe, mín agus galánta.

Mar thoradh ar dhlús plandaithe 4 000 fíniúin/ha, dlús atá ard don Ungáir, is féidir fás fíniúnacha cothrom agus saor ó strus a bheith ann mar gheall ar an ualach in aghaidh na fíniúna. Bíonn na laethanta te sa samhradh agus fada agus grianmhar san fhómhar mar gheall ar fhrithchioclón na Meánmhara, ach téann na fíniúnacha isteach go tapa i gcéim dhorcha na fótaisintéise sna tráthnónta a fhuaraítear le gaotha ó chnoic Bakony. Faoi na dálaí nádúrtha uathúla sin, is féidir leis na fíonchaora leibhéil arda carbaihiodráití a bhailiú. Éascaíonn solas na gréine a fhrithchaitear ar ais ó dhromchla uisce Loch Balaton fótaisintéis tar éis thráth an aibithe. Mar thoradh ar an dá éifeacht nádúrtha sin agus mar gheall gur roghnaigh táirgeoirí Badacsony cineálacha fíonchaor atá suntasach go háitiúil, a fhásann go híseal agus a aibíonn go déanach, cumasaítear buaint níos déanaí ná mar is gnách, nuair a bhíonn leibhéil siúcra níos airde. Ráthaíonn an dá ghné nádúrtha sin agus taithí na dtáirgeoirí áitiúla ar feadh na gcéadta bliain a tugadh ó aithreacha go mic gur féidir na triopaill fíonchaor sláintiúla aibí a iompú ina bhfíonta léiritheacha tathagacha ar ardchaighdeán atá tipiciúil i gcás réigiún Badacsony. I gcás fíonta geala ag a bhfuil tásc fíonghoirt, áirithíonn aosú i mbairillí adhmaid agus saibhreas iomlán go mbíonn na fíonta casta agus go ngabhann blasanna torthaí aibí leo. A bhuí leis an amhábhar tiubhaithe, tá saibhreas ag na fíonta a bhuaintear go déanach, ar fíonta iad a dhéantar as fíonchaora rísínithe agus as oighearfhíonta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a. Ceadaítear aon leagan de chríoch aidiachta a thagann ón téarma 'oltalom alatt álló eredetmegjelölés' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint] atá bunaithe san Ungáiris a léiriú. Is féidir an téarma 'védett eredetű' [de thionscnamh faoi chosaint] a chur in ionad an téarma 'oltalom alatt álló eredetmegjelölés' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint].

b. Ceadaítear úsáid an téarma 'Badacsonyi borvidék' [réigiún fíona Badacony].

c. Ceadaítear úsáid a bhaint as leaganacha éagsúla aidiachta a dhíorthaítear ó ainmneacha na n-aonad geografach is lú go léir a liostaítear i bpointe VIII/2 tríd an táthmhír '-i' a úsáid. I gcás cineálacha fíona ar a bhfuil ainm fíonghoirt, féadfaidh an tásc 'hegyi' [fíonghort (...)] nó 'hegyen termett' [a fhástar ar fhíonghort (...)] a bheith ann i ndiaidh ainm an fhíonghoirt.

d. Is féidir 'rosé' a chur in ionad an téarma 'rozé', agus is féidir an téarma 'cuvée' a chur in ionad an téarma 'küvé'.

e. Tá sé éigeantach úsáid a bhaint as tásca maidir le bliain an fhíona agus leis an méid siúcra.

f. Féadfar 'Küvé' nó 'cuvée bor' [fíon cuvée] a úsáid chun léiriú a dhéanamh ar fhíon a tháirgtear trí dhá chineál fíonchaor nó níos mó a chumasc, agus féadfar ainmneacha na gcineálacha fíonchaor atá sa cuvée a léiriú ar an lipéad in ord íslitheach den chion a úsáidtear, chun tomhaltóirí a chur ar an eolas.

g. Rialacha maidir le cineálacha fíonchaor a chur in iúl:

i. méid aonfhoirmeacht an chineáil:

1. 85 % ar a laghad i gcás fhíonta Badacsony

2. 100 % i gcás fíonta geala a bhfuil tásc fíonghoirt acu

ii. tá srian ar úsáid 'Muskotály' [Muscat], agus tá toirmeasc ar thásc an chineáil fíonchaor nuair a úsáidtear an téarma sin. Rialaítear úsáid an chineáil le hIarscríbhinn 15 a ghabhann le Foraithne Uimh. 127/2009 an 29 Meán Fómhair 2009.

h. Téarmaí eile a fhéadfar a chur in iúl agus atá srianta de réir dlí:

Geal, Rosé agus Dearg: Primőr [primeur], Újbor [fíon nua], barrique-ban erjesztett [barrique-coipthe], hordóban erjesztett [coipthe i mbairille], barrique-ban érlelt [aosaithe i gcasca], hordóban érlelt [aosaithe i mbairille], termőhelyen palackozva [buidéalaithe sa limistéar táirgeachta], termelői palackozás [buidéalaithe ag an táirgeoir], pinceszövetkezetben palackozva [buidéalaithe i gcomharchumann fíonlainne], küvé nó cuvée, muskotály

Dearg amháin: 'Ó' [Sean]

Fíon geal lena ngabhann tásc fíonghoirt: válogatott szüretelésű bor [fíon buainte roghnaithe], főbor [fíon príomha], muzeális bor [fíon stairiúil], szemelt [caora roghnaithe]

Késői szüretelésű bor [fíon a bhuaintear go déanach], Jégbor [oighearfhíon], Töppedt szőlőből készült bor [fíon a dhéantar as fíonchaora rísínithe]: 'muzeális bor' [fíon stairiúil]

Aonaid gheografacha níos lú a fhéadfar a chur in iúl agus na rialacha chun iad a chur in iúl

a. Bardais: Ábrahámhegy, Badacsonytomaj, Badacsonytördemic, Balatonrendes, Balatonszepezd, Gyulakeszi, Hegymagas, Káptalantóti, Kisapáti, Kővágóörs, Nemesgulács, Raposka, Révfülöp, Salföld, Szigliget, Tapolca.

b. Fíonghoirt: Badacsony, Csobánc, Szent György-hegy, Gulács, Tóti-hegy, Sabar-hegy, Bács-hegy

c. I gcás ina ndéantar bardas nó fíonghort a chur in iúl, ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear a bheith de thionscnamh an aonaid gheografaigh is lú a chuirtear in iúl.

d. Nasc idir aonaid gheografacha is lú agus trádmharcanna: I gcás fhíonta Badacsony a bhfuil trádmharc acu ina bhfuil ainm aonaid gheografaigh is lú nó trádmharc a bunaíodh mar thoradh ar úsáid roimh an 11 Bealtaine 2002, níl na rialacha ginearálta lena rialaítear tásc bardais agus fíonghoirt infheidhme.

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi Airteagal 5(b) de Rialachán 2019/33, féadfar an táirgeadh a dhéanamh i mbardais sna haonaid riaracháin chomharsanacha seo a leanas:

a. Bardais i gcontae Veszprém: incheadaithe in Balatonederics, Lesencefalu, Lesenceistvánd, Lesencetomaj, Nemesvita, Sáska, Uzsa, Zalahaláp, Csabrendek, Sümeg, Sümegprága, Balatonhenye, Hegyesd, Köveskál, Mindszentkálla, Monostorapáti, Szentbékkálla, Alsóörs, Aszófő, Balatonakali, Balatonalmádi, Balatonfőkajár, Balatonfüred, Balatonkenese, Balatonszőlős, Balatonudvari, Balatonvilágos, Csopak, Dörgicse, Felsőörs, Lovas, Mencshely, Örvényes, Paloznak, Pécsely, Tihany, Vászoly, Balatoncsicsó, Monoszló, Óbudavár, Szentantalfa, Szentjakabfa, Tagyon, Zánka, agus

b. Bardais i gcontae Zala: incheadaithe in Cserszegtomaj, Gyenesdiás, Hévíz-Egregy, Keszthely, Rezi, Sümeg, Sümegprága, Várvölgy, Vonyarcvashegy, Nagyrada.

Téarmaí traidisiúnta faoi chosaint

Creat dlíthiúil:

I Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma traidisiúnta seo a leanas a úsáid mar chomhchiallach leis an téarma ‘ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint’: ‘védett eredetű bor’ [fíon de thionscnamh faoi chosaint]

Chun saintréithe an táirge a thuairisciú:

‘késői szüretelésű bor’ [fíon a bhuaintear go déanach], ‘válogatott szüretelésű bor’ [fíon buainte roghnaithe], ‘muzeális bor’ [fíon stairiúil], sailitheoir, szamorodni

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/0/57/43000/Badacsony%20OEM%202-v%C3%A1ltozatCOM%20standard%20KN.pdf